

An Coimisiún Eorpach

Foilsíú folúntas maidir le trí ról mar Stiúrthóir ‘Acmhainní’ (Grád AD 14)

sna hArd-Stiúrthóireachtaí seo a leanas:

An Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (INTPA)

An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE)

Ard-Stiúrthóireacht na Trádála (TRADE)

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2022/10419

Cé sinn féin?

Tá an Coimisiún Eorpach eagraithe sa chaoi gur ranna beartais éagsúla atá ann, ranna ar a dtugtar Ard-Stiúrthóireachtaí (ASanna), agus iad freagrach as réimsí beartais éagsúla. Déanann ASanna beartais, dlí agus cláir chistiúcháin an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a bhainistiú. Ina theannta sin, pléann oifigí le saincheistanna riaracháin ar leith, agus bainistíonn gníomhaireachtaí feidhmiúcháin cláir arna mbunú ag an gCoimisiún.

Laistigh den chuid is mó de na hArd-Stiúrthóireachtaí, tá Stiúrthóireacht ann atá i gceannas ar acmhainní agus ar cheistanna cothrománacha. Na hacmhainní airgeadais, dlíthiúla agus teicniúla is gá chun tacú le gníomhaíochtaí na hArd-Stiúrthóireachta, is é misean na Stiúrthóireachtaí sin a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní sin a imscaradh go héifeachtúil agus go héifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta ar fad is infheidhme agus de réir phrionsabail na rialála níos fearr. Is iondúil go ndéantar feidhmeanna tacaíochta a ghrúpáil laistigh de na Stiúrthóireachtaí sin, rud a fhágann gur leathan an raon feidhme atá acu, agus go bhféadfadh sé go gcuimseofaí na nithe seo a leanas iontu – cúrsaí dlí, cúrsaí airgeadais, an soláthar, an rialú inmheánach, TFC, bainistiú bonneagair agus comhordú foriomlán ar cheistanna riaracháin, sin agus cúrsaí cumarsáide. Feidhmíonn an Stiúrthóir comhfhreagrach mar phríomhphointe teagmhála do sheirbhísí lárnacha an Choimisiúin maidir le gach ceist acmhainní daonna agus gach ceist buiséid/airgeadais, agus is comhalta é de Ghrúpa corparáideach na Stiúrthóirí Acmhainní.

Baineann an fógra folúntais seo le ról éagsúla mar Stiúrthóirí Acmhainní, sna hArd-Stiúrthóireachtaí seo a leanas:

- Stiúrthóir ‘Acmhainní’ san Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (INTPA.R), stiúrthóir ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as bainistiú tuairim agus 250 ball foirne (i gCeanncheathrú INTPA agus i dToscaireachtaí) atá ag obair i sé aonad, mar atá ‘Acmhainní Daonna, Forbairt Foghlama agus Bainistiú Doiciméad’, ‘Pleanáil, Buiséad, Tuairisciú’, ‘Iniúcháireacht agus Rialú’, ‘Gnóthaí Dlíthiúla’, ‘Sonraí agus Teicneolaíocht Faisnéise’ agus ‘Airgeadas agus Conarthaí le haghaidh Oibríochtaí Láraithe’.
- Stiúrthóir um ‘Thacaíocht i leith Beartais agus Riarachán’ san Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE.R), stiúrthóir ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as ceithre aonad, mar atá ‘Rialáil Níos Fearr’, ‘Gnóthaí Dlíthiúla’, ‘Airgeadas, Buiséad agus Rialuithe’ agus ‘Córais Faisnéise’, sin agus as dul i gcomhairle le dhá aonad sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA), is iad sin ‘Airgeadas agus Acmhainní’ agus ‘Foireann, Cumarsáid agus Tacaíocht’.

- Stiúirthóir um ‘Acmhainní, an Caidreamh Idirinstitiúideach, an Chumarsáid agus an tSochaí Shibhialta’ in Ard-Stiúirthóireacht na Trádála (TRADE.R), stiúirthóir a bhfuil freagracht fhoriomlán air as ceithre aonad, mar atá ‘Acmhainní, Comhfhreagraí Acmhainní Daonna agus Pleanáil’, ‘Caidreamh Idirinstitiúideach, Comhordú Beartas agus Faisnéise’, ‘Trédhearcacht, an tSochaí Shibhialta agus Cumarsáid’ agus ‘Teicneolaíocht Faisnéise agus Córais TF’.

Is sa Bhruiséil atá na ról ar fad lonnaithe.

I gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin, i bhfianaise na gcosúlachtaí atá idir na ról sin ó thaobh cuspóir foriomlán, raon feidhme agus dualgais fhoriomlána, táthar á bhfoilsíú i dteannta a chéile san fhógra folúntais seo. Meabhraítear d’iarrthóirí go ndéanfar a n-iarratas a mheas i dtaobh na bhfolúntas seo ar fad; ní féidir iarratas a dhéanamh ar ról áirithe amháin díobh.

An tairiscint

Agus é ag tuairisciú don Ard-Stiúirthóir lena mbaineann (nó do dhuine dá Leas-Ard-Stiúirthóirí), féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith ar an Stiúirthóir Acmhainní:

- Treorú straitéiseach agus forbairt ghníomhaíochtaí na Stiúirthóireachta sna réimsí ábhartha a stiúradh (cúrsaí dlí, cúrsaí airgeadais, an soláthar, an rialú inmheánach, TFC, bainistiú bonneagair agus comhordú foriomlán ar cheisteanna riaracháin, etc.);
- A áirithiú go ndéantar cúraimí na Stiúirthóireachta a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcrích go héifeachtach, sin agus faireachán a dhéanamh ag an am céanna ar fheidhmíocht na Stiúirthóireachta agus ar úsáid éifeachtúil a cuid acmhainní;
- An stiúradh, an treoraíocht agus an tacaíocht bhainistíochta is gá a chur ar fáil do Chinn Aonaid na Stiúirthóireachta agus dá bhfoireann;
- Na nósanna imeachta riaracháin ábhartha a chomhordú agus a mhaoirsiú, agus dul i gcomhairle chuige sin, de réir mar is gá, leis na Stiúirthóireachtaí, na haonaid agus na seirbhísí eile;
- Rannchuidiú le plan oibre na hArd-Stiúirthóireachta agus ionadaíocht a dhéanamh ar an Ard-Stiúirthóireacht i líonraí agus i bhfóraim ábhartha an Choimisiúin agus ag imeachtaí inmheánacha agus seachtracha.

Cad atá á lorg againn? (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith bainte amach ag na hiarrthóirí:

Scileanna bainistíochta

- É a bheith cruthaithe acu go bhfuil scileanna ceannaireachta acu, chomh maith leis an gcumas foirne móra ilchultúrtha a stiúradh, a spreagadh agus tacú leo, an cumas cuspóirí agus spriocanna a leagan síos agus a chur in iúl, agus an cumas tascanna a chur in ord tosaíochta agus a áirithiú go gcuirtear i gcrích iad;
- É a bheith cruthaithe acu go bhfuil scileanna bainistíochta acu, chomh maith leis an gcumas straitéisí nua a fhorbairt, tograí praiticiúla le haghaidh gníomhaíochta a dhéanamh de na straitéisí sin, agus próisis um athrú a bhainistiú go héifeachtach;
- Sárscileanna anailíse agus an cumas fadhbanna eagrúcháin agus oibríochtúla a réiteach trí chur chuige seirbhís-dhírithé.

Sainscileanna agus saintaithí

- Tuisceant an-mhaith ar shaincheistean a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna, ar nósanna imeachta dlí, buiséid, airgeadais agus soláthair phoiblí, ar thionscadail TFC agus ar bhainistiú punainne;
- Eolas maith ar an bpleanáil straitéiseach, comhlíonadh an dlí, an bainistiú riosca, an iniúchóireacht inmheánach agus caighdeán rialúcháin;
- Eolas ar an gcreat rialála maidir le hacmhainní daonna agus bainistiú airgeadais sa Choimisiún, sin rud a bheadh ina bhuntáiste breise;
- Taithí sna réimsí sonracha a chumhdaíonn na hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha, sin rud eile a bheadh ina bhuntáiste breise.

Buanna pearsanta

- Meon straitéiseach, stuaim ó thaobh breithiúnas a thabhairt, ardchumas coincheapúil, agus é a bheith cruthaithe acu gur féidir leo smaoineamh ar bhealach úr agus smaointe nua a chur i bhfeidhm;
- Sárscoilleana cumarsáide (idir labhartha agus scríofa) ar mhaithe le cumarsáid agus caidreamh éifeachtach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- É a bheith cruthaithe acu go bhfuil scileanna líonraithe agus caibidlíochta acu ar an leibhéal idirinstiúideach nó idirnáisiúnta;
- Scileanna láidre idirphearsanta agus an cumas dea-chaidreamh a chothú le baill foirne agus ina measc.

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Na critéir fhoirmiúla seo a leanas, critéir nach mór a bheith comhlíonta **faoi sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, is ar a mbonn siúd amháin a bhreithneofar iarrthóirí féachaint an rachaidh siad ar aghaidh chuig céim an roghnúcháin:

- Náisiúntacht: ní mór do na hiarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
- Céim nó diplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:
 - leibhéal oideachais a bheith bainte amach acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
 - sin nó leibhéal oideachais a bheith bainte amach acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr, maille le taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain ar a laghad, i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).
- Taithí ghairmiúil: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime dar fad 15 bliana ar a laghad ¹ a bheith acu ar leibhéal ar féidir rochtain a fháil air a bhuí leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas.
- Taithí bhainistíochta: 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime, is gá gur taithí í a fuarthas i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil ^{2**} ..

¹ Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhrí atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar obair cheart a bhfuair an t-iarrthóir pá aisti mar fhostaí (ar aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadán dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Aírítear dochtúireachtaí mar chuid den taithí ghairmiúil, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ar feadh uastréimhse 3 bliana, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

- Teangacha: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh³ agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin tástáil le linn na n-agallamh go gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den deimhniú sin.
- Teorainn aoise: ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, agus sainítear gurb é an tráth a shroicheann oifigh an Aontais an aois sin deireadh na míosa ina mbaineann siad 66 bliana d'aois amach (féach Airteagal 52 lit (a) de na Rialacháin Foirne⁴).

Roghnú agus ceapadh

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnú agus an ceapachán (féach: An Doiciméad faoin mBeartas maidir le hOifigh Shinsearach⁵).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun, painéal a gcuirtear leis ionas go mbeidh ionadaithe ann ó gach ceann de na hArd-Stiúrthóireachtaí lena mbaineann. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, tabharfaidh sé faoin gcéad fhóiréir incháilitheachta ansin, agus saináithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcrítéar roghnúcháin a luaitear thuas, iarrthóirí a d'fhéadfaí a iarraidh chun agallaimh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a chuid tuairimí a tharraingt suas, agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach Ceapachán an Choimisiúin Eorpaigh (CCA). Cuirfidh CCA conclúidí an phainéil réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a iarrfar chun agallaimh.

Na hiarrthóirí a iarrtar chun agallaimh le CCA, rud a gcuirfear leis ionas go mbeidh Ard-Stiúrthóirí na nArd-Stiúrthóireachtaí ar fad lena mbaineann ina gcomhaltaí de, iad sin agus Ard-Stiúrthóirí Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid agus eisean ina cheannaire fearainn, glacfaidh na hiarrthóirí sin páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán, rud a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachttracha. I bhfianaise thorthaí an agallaimh agus na tuarascála maidir leis an ionad measúnaithe, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach do na rólí thuasluaite.

Is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí a bheidh ar ghearrliosta CCA.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach na cinní ceapacháin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart gan aon iarrthóir a cheapadh in aon cheann de na rólí sin.

Ní mór do na hiarrthóirí a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu, teistimeireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá siad i dtaca lena gcuid dualgas a chur i gcrích, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

^{2**} Maidir leis na blianta uile a fuair na hiarrthóirí taithe bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina *curriculum vitae*: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) líon na sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) an líon piaraí.

³ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

⁵ https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/compilation-of-the-senior-official-policy-at-the-european-commission_en.pdf (níl seo ar fáil ach i mBéarla)

Ba cheart do na hiarrthóirí a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna n-údarás náisiúnta slándála a bheith acu nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá san imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh d'údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus is rud é lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine áirithe rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (An nós imeachta is gá chun imréiteach slándála a fháil, féach gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh an t-iarrthóir in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná freastal ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, nó go ndeonóidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún a bhfuiltear faoi cheangal dlí i leith a dhéanta.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, cuspóir straitéiseach atá á shaothrú ag an gCoimisiún is ea an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Earcófar na hiarrthóirí a roghnófar mar oifigigh ar ghrád AD14. Rangófar iad i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a dtaithí oibre roimhe sin.

Ba cheart do na hiarrthóirí a roghnófar a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi na Rialacháin Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích go sásúil.

Is í Buiséil na Beilge an áit ina bhfuil an t-ionad oibre.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh na hiarrthóirí a roghnófar i mbun a gcuid dualgas, cuirfear de cheangal orthu dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas a dhearbhu.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

Sonraí pearsanta a chosaint

Áiríteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁶. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfidh an t-iarrthóir a iarratas isteach, ba cheart dó a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplómaí, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh ag iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an phróisis a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass más féidir sin⁷, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (8 000 carachtar ar a mhéid). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúchán ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost. Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁷ Tá eolas faoi conas CV Europass a chruthú le fáil ar líne ag: <https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv>

Dáta deiridh

Is é an **15/12/2022, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.